**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 23

# An tÚdarás Clárúcháin Maoine

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 23 ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar Thuarastail agus Chostais an tÚdarás Clárucháin Maoine.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí i gcabhair.

Dlitear barrachas €1.36 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ráiteas faoi sócmhainní caipitil – dhímheas***

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírí thar a dtréimhse mheasta úsáideachta ag tosú an mhí a thosaigh sa tseirbhís.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Údarás.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Príomh-Fheidhmeannach den Údarás. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiúairgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Údarás.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tÚdarás go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an tÚdarás na treoirlínte, seachas I gcás seacht conradh ar luach €3.736 milliún a bhí liostáilte i mo thuairisceán maidir le Ciorclán 40/2002.As an suim sin, baineann conradh amháin den suim €3 milliún le híocaíoctaí do Shuirbhéireacht Ordanais Éireann, an áisíneacht náisiúnta léarscáilíochta. I dtaca leis an gcuid eile, baineann dhá chonradh ar luach €198,020 le seirbhísí ó sholáthróirí aonair, baineann dhá chonradh ar luach €195,807 le síneadh a cuireadh do chonarthaí arbh ann dóibh cheana agus baineann dhá chonradh ar luach €342,475 le conarthaí dílseánaigh.

***Seirbhísí Roinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse idir an Oifig seo agus an Roinn Dlí agus Cirt agus Comionannais do fhoráil Seirbhísí Roinnte Airgeadais. Braithim ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais go gcleachtar na rialuithe cui i bhforáil sheirbhísí roinnte don Oifig seo.

Braithim ar litir urrúis ón Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta do Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cui i bhforáil sheirbhísí roinnte don Roinn.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Údarás le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Údaráis i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Frank Treacy**
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin
An tÚdarás Clárúcháin Maoine

26 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tÚdarás agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tÚdarás Clárúcháin Maoine Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Iúil 2015

# Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachan | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú | 31,087 | 29,923 | 30,550 |
| | **Olliomlán** | **31,087** | **29,923** | **30,550** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **979** | **1,177** | **1,276** |
| | **Glaniomlán** | **30,108** | **28,746** | **29,274** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr don ghéilliúint | 1,361,979 | 1,957,579 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachan | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 23,773 | 23,082 | 24,025 |
| ii | Taisteal agus cothú | 110 | 106 | 111 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus teagmhasacha | 4,100 | 4,079 | 4,063 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 800 | 654 | 601 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 1,817 | 1,508 | 1,238 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 462 | 469 | 499 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus polasaí athbhreithnithe luach ar airgead | 25 | 25 | 13 |
| | | 31,087 | 29,923 | 30,550 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 23,082 | 24,025 |
| Neamhphá | | 6,841 | 6,525 |
| **Ollchaiteachas** | | **29,923** | **30,550** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,177** | **1,276** |
| **Glaniomlán** | | **28,746** | **29,274** |
| | | | |
| **Athruithe I sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (622) | | |
| Dímheas | 1,210 | | |
| Caillteanas as diúscairtí | — | | |
| | | 588 | 2,030 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | 115 | | |
| Laghdú ar stoc | (9) | | |
| | | 106 | 58 |
| **Caiteachas díreach** | | **29,440** | **31,362** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,728 | 4,260 |
| Measchíosanna | | 2,637 | 2,382 |
| **Costas glan clár** | | **36,805** | **38,004** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Déantar suas an t-ollchaiteachas do sheirbhísí comhghuaillithe ó na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 23 a sheastar áit eile

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 3,624 | 3,501 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 788 | 500 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais - Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 316 | 259 |
| | | **4,728** | **4,260** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,246** | **1,834** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim[a] | 2.3 | 1,598 | 1,092 |
| Stoic | 2.4 | 257 | 248 |
| Réamhíocaíochtaí | | 702 | 739 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 390 | 93 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.7 | 456 | 389 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **3,403** | **2,561** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 184 | 106 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 2,444 | 1,574 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,628** | **1,680** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **775** | **881** |
| **Glansócmhainní** | | **2,021** | **2,715** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,021** | **2,715** |

[a] Cuirtear iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála i láthair ar leithligh agus athaicmítear an figiúr comparáideach.

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,715 | 4,803 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 30,108 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,362) | | |
| Vóta glan | | | 28,746 | 29,274 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 4,728 | 4,260 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 2,637 | 2,382 |
| Costas glan clár | 1 | | (36,805) | (38,004) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,021** | **2,715** |

**2.2 Ráiteas faoi shocmhainní caipitil**

| | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 35,137 | 3,630 | 38,767 |
| Breiseanna | 601 | 21 | 622 |
| Diúscairtí | (273) | (11) | (284) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 35,465 | 3,640 | 39,105 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 33,523 | 3,410 | 36,933 |
| Dímheas don bhliain | 1,160 | 50 | 1,210 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (273) | (11) | (284) |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2014 | 34,410 | 3,449 | 37,859 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **1,055** | **191** | **1,246** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **1,614** | **220** | **1,834** |

| **2.3 Banc agus airgead tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim | (353) | (181) |
| Cuntais bhainc thráchtála | 1,951 | 1,273 |
| | 1,598 | 1,092 |

Áirítear in iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €91,000 i 2014 (2013: €366,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais. Tá iarmhéideanna breise fáltais státchiste san áireamh freisin, agus coigeartaíodh na figiúirí comparáideacha dá réir.

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 140 | 97 |
| Soláthairtí Ilghnéitheacha | 16 | 16 |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 101 | 135 |
| | 257 | 248 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 355 | — |
| Fionraí | 35 | 93 |
| | 390 | 93 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 305 | 315 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1 | 1 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 137 | 141 |
| Cáin Bhreisluacha | 24 | 9 |
| Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste | 1,860 | 907 |
| | 2,327 | 1,373 |
| Déaduchuithe párolla ar fionraí | 85 | 169 |
| Dlite don OOP | 32 | 32 |
| | 2,444 | 1,574 |

| **2.7 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,362 | 1,958 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,818) | (2,347) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (456) | (389) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,598 | 1,092 |
| Iarmhéideanna dochair | 390 | 93 |
| | 1,988 | 1,185 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,327) | (1,373) |
| Iarmhéideanna creidmheasa | (117) | (201) |
| | (2,444) | (1,574) |
| | | |
| | (456) | (389) |

| **2.8 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí | 266 | 3,014 |

Thoiligh an tÚdarás comhaontú í 2012 le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann mar sholáthróir aonair do sholáthar sonraí mapála. Faoin gcomhaontú seo, rinne an tÚdarás íocaíochtaí de €3.4 milliún i 2012 , €3 milliún i 2013 agus €3 milliún i rith 2014. I gcomthéacs an chumaisc atá i ngar a bhaineann leis an dá eagraíocht agus an Oifig Luachála (Nóta 6.2) déanfar athnuachan ar an gconradh ar bhunús bliantúil ar feitheamh críochnú an chumaisc seo. Mar thoradh air sin, ní thagann aon gealltanas conarthach ilbhliantúil don tseirbhís seo ag deireadh mí na Nollag 2014.

**2.9 Dliteanais Aibithe**

Níorbh ann d'aon dliteanais aibithe neamhchomhlíonta ag deireadh na bliana 2014 nó sa bhliain roimhe sin.

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim soláthraithe sa mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Clárlann na Talún agus Clárlann na nGníomhas a bhainistiú** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 23,773 | 23,082 | 24,025 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 7,314 | 6,841 | 6,525 |
| | | 31,087 | 29,923 | 30,550 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €1.16 milliún níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Tharla sin mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha:

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Tuarastail, pá agus liúntais | 691 | Bhí caitheachas ar thuarastail, pá agus liúntas níos lú mar gheall ar laghdú eile i líon na foirne i gcaitheamh 2014. |
| Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 146 | Tá caiteachas ar phost agus cuideachtaí Teileachumarsáide ag laghdú mar thoradh ar shocruithe teileachumarsáide. |
| Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 309 | Tháinig laghdú ar chaiteachas ar sheirbhísí seachtrach IT mar thoradh ar stad chonradh mór tacaíochta IT. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ó asbhaintí um pinsin as luach saothair seirbhíse phoiblí | 979 | 1,177 | 1,276 |

**4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid oscailte ag 1 Eanair | 907 | 820 |
| Táillí Chlárlann na talun | 45,799 | 35,543 |
| Taillí Chlárlann na nGníomhas | 1,206 | 1,034 |
| Taillí Bhunchíosanna | 59 | 57 |
| Trasíoctha chuig an Státchiste | (46,111) | (36,547) |
| Iarmhéid deiridh ag 31 Nollaig | 1,860 | 907 |

Trasíoctar táillí chuig an Státchiste ar bhunús seachtainiúil. Iocadh táillí I méid €1.4 milliún leis an Státchiste ar 7 Eanáir 2015.

Léiríonn leibhéal méadaithe na dtáillí faighte gníomhaíocht mhéadaithe sa mhargadh réadmhaoine, go háirithe maidir le hidirbhearta dhíolacháin aistrithe. Mar thoradh, cuireadh leibhéil méadaithe iarratais ar chlárúcháin i dtaisce i gClárlann na Talún i 2014.

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 502 | 518 |

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 21,628 | 22,500 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 14 | 12 |
| Liúntais eile | 81 | 83 |
| Ragobair | 124 | 164 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,235 | 1,266 |
| **Pá iomlán** | **23,082** | **24,025** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2014 € | Uasíocaíocht aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 2 | 1 | 11,002 | 11,506 |
| Liúntais eile | 35 | — | 7,718 | 7,870 |
| Ragobair | 43 | — | 8,908 | 10,796 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Ró-íocaiochtaí ag teacht chun cinn mar gheall ar moilleanna i dtreoracha tuarastal**

| ag 31 Nollaig | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí foirne gan íoc | 178 | 30 |

# 6 Ilgnéitheacha

### 6.1 Costais Cúitimh

**Cúiteamh Alt 120**

Tugann an Stát ráthaíocht do gach ceann de na teidil a chláraítear ar Chlár na Talún. Forálann Alt 120 den Acht um Chlárú Teidil, 1964 do chúiteamh a íoc le duine atá thíos le caillteanas trí bhrath ar an gClár nuair nach mbíonn gníomh, faillí nó mainneachtain é/í féin nó a g(h)níomhaire mar chúis leis an gcaillteanas nó murar chuir siad go mór leis. Íocadh trí chúiteamh is fiche faoi Alt 120 (2013: 19) in 2014, agus leagtar amach na costais iomlána thíos.

**Cúiteamh Díobhála Pearsanta**

Ní raibh íocaíochtaí éileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú ar bith i 2014.

| | 2014 | 2013 |
| --- | --- | --- |
| | **€000** | **€000** |
| Costais cúitimh Ailt 120 | 108 | 75 |
| Cúiteamh díobhála pearsanta | — | 76 |
| Táillí dlí maidir le héilimh ar dhíobháil phearsanta | — | 49 |
| | 108 | 200 |

### 6.2 Cumasc

Mar chuid den Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 a chumasadh leis an Oifig Luachála, Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Údaráis Chlárúcháin Maoine. Ceapadh Ainmní an Phríomhfheidhmeannaigh don eagraíocht nua an 1 Iúil 2013 agus ó shin i leith, bhí líon grúpaí oibre, faoi stiúir bainistíocht shinsearach sna trí aonán ag oibriú i dtreo plean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-aonán nua a bhunú.

Éilíonn bunú an eintitis nua reachtaíocht phríomha. Chuige sin, ar 22 Eanair 2015 d'fhoilsigh, an t-Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an Scéim Cheannairí agus Ghinearálta den mBille Tailte Éireann, a fhorálann don gcumasc. Beidh Tailte Éireann freagrach as roinnt feidhmeanna tábhachtacha, an córas clárúcháin réadmhaoin Stáit, bonneagar suirbhéireachta agus léarscáiliú Stáit, an tseirbhís luachála réadmhaoin Stáit agus forbairt agus cothabháil eolas geospásúil Stáit. Níltear ag súil leis go mbeidh tionchar ag an gcónascadh ar luach tugtha anonn shócmhainní nó dhliteanais an Údaráis.